Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2016
(OR. en)

9800/16

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2015/0268 (COD)**

EF 155
ECOFIN 546
CODEC 813

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2015) 583 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála<br>- Cur chuige ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ar an 30 Samhain 2015, thíolaic an Coimisiún tograí le haghaidh Rialachán maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála[1].

2. Iarradh ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim a thabhairt ar an 15 Eanáir 2016 agus thug an Coiste a thuairim uaidh ar an 16 Márta 2016. Iarradh ar Choiste na Réigiún a thuairim a thabhairt ar an 27 Eanáir 2016 agus chuir an Coimisiún a chinneadh in iúl don Chomhairle gan a thuairim a eisiúint ar an 11 Aibreán 2016. Iarradh ar an mBanc Ceannais Eorpach a thuairim a thabhairt ar an 8 Márta 2016 agus thug sé a thuairim uaidh ar an 17 Márta 2016. Táthar fós ag feitheamh leis an tuairim ó Choiste ECON Pharlaimint na hEorpa.

[1] 14890/15 + ADD 1 + ADD 2 + ADD 3

3. Thíolaic an Coimisiún an Measúnú Tionchair le linn chruinniú na Meithle ar an 13 Eanáir 2016, agus labhair roinnt toscairí ina dhiaidh sin.

## II. AN STAID MAR ATÁ

4. Scrúdaigh an Mheitheal um Sheirbhísí Airgeadais an togra ag naoi gcruinniú éagsúla le linn Uachtaránacht na hÍsiltíre. I ndiaidh chruinniú na Meithle um Sheirbhísí Airgeadais (attachéanna) ar an 24 Bealtaine 2016, agus nós imeachta an tosta faoi chuimsiú na Meithle ina dhiaidh sin, ar tháinig deireadh leis ar an 2 Meitheamh 2016, tacaíonn na toscaireachtaí go léir leis an togra comhréitigh is déanaí le haghaidh cur chuige ginearálta, mar a leagtar amach in 9801/16 é.

## III. CONCLÚID

5. Ina fhianaise sin, moltar go n-iarrfadh Coiste na mBuanionadaithe ar an gComhairle (ECOFIN ar an 17 Meitheamh 2016):

- teacht ar chomhaontú, mar mhír "A", maidir leis an gcur chuige ginearálta, mar a leagtar amach in 9801/16 é, agus

- iarraidh ar Uachtaránacht nua na Slóvaice tús a chur leis an gcaibidlíocht, nuair is indéanta, le Parlaimint na hEorpa ar bhonn an chur chuige ginearálta sin d'fhonn teacht ar chomhaontú ar an gcéad léamh.